## Coláiste na Rinne

# Polasaí Fianáin agus Príobháideachais

## Cookies and Privacy Policy

**Leagan 2 – Meán Fómhir 2018**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Rialú Leaganacha | **Lch 2** | | Version Control |
| 1 | Réamhrá | **Lch 3** | 1 | Introduction |
| 2 | Cén eolas a bhailítear ó na daoine aonair lena mbímid i dteagmháil nó a bhíonn i dteagmháil linn? | **Lch 3** | 2 | What information is collected from individuals with whom we engage or who engage with us? |
| 3 | Conas a úsáidtear an t-eolas a bhailítear? | **Lch 5** | 3 | How do we use the information gathered? |
| 4 | Conas a dhéantar faisnéis phearsanta ar ár n-ardáin digiteacha a chosaint agus a stóráil i gcomhaid fhisiceacha? | **Lch 6** | 4 | How is personal information on our digital platforms and stored in physical files protected? |
| 5 | Soláthróirí Seirbhíse Tríú Páirtí / Nochtadh | **Lch 7** | 5 | Third Party Service Providers / Disclosure |
| 6 | Conas teagmháil a dhéanamh linn má tá aon cherist faoi GDPR agat? | **Lch 8** | 6 | How to contact us about any GDPR query you have? |

# Rialú Leaganacha

| Leagan | Dáta | Cúis an Athraithe |
|---|---|---|
| Leagan 1 | 19 Meán Fómhair 2015 | Polasaí Nua |
| Leagan 2 | 20 Meán Fómhair 2018 | Athbhreithnú |

## 1 Réamhrá

Tá an polasaí príobháideachais seo curtha le chéile chun tuiscint a thabhairt dóibh siúd a bhíonn I dteagmháil le Coláiste na Rinne nó go ndéanann Coláiste na Rinne teagmháil leo ar chúiseanna dlisteanacha leasa, conas a úsáidtear agus a bhainistítear 'Eolas Inaitheanta Phearsanta' (PII). Is faisnéis é PII gur féidir a úsáid leis féin nó in éineacht le faisnéis eile chun duine a aithint, teagmháil a dhéanamh leo nó iad a aimsiú, nó chun duine a aithint i gcomhthéacs.

## 1 Introduction

This privacy policy has been compiled to provide those who interact with Coláiste na Rinne or are contacted by Coláiste na Rinne for legitimate interest reasons, with an understanding of how 'Personally identifiable information' (PII) is being used and managed. PII, is information that can be used on its own or with other information to identify, contact, or locate an individual, or to identify an individual in context.

## 2 Cén eolas a bhailítear ó na daoine aonair lena mbímid i dteagmháil nó a bhíonn i dteagmháil linn?

**AR LÍNE**

Nuair a dhéantear fiosrúchán ar líne, iarratais ar phost ar líne, earra a cheannach ónár siopa, nó iarratais ar áit ar cheann dár gcúrsaí tríd ár suíomh gréasáin, iarrfar ar chuairteoirí raon faisnéise pearsanta a sholáthar, mar shampla, ainm, seoladh ríomhphoist, seoladh poist, uimhir ghutháin, inscne, aoisghrúpa agus/nó sonraí cuí eile chun cabhrú linn an fiosrúchán, an ceannach agus/nó an t-iarratas a phróiseáil. Nuair a bhíonn íocaíocht á déanamh ag cuairteoirí maidir le héarlais áirithinte, íocaíocht chúrsa nó ceannachán, ní fhaigheann, ní phróiseálann agus ní stórálann

## 2 What information is collected from individuals with whom we engage or who engage with us?

**ONLINE**

When making an online enquiry, applying for a job online, purchasing an item from our siopa, or applying for a place on one of our Irish language courses / programmes through our website, visitors will be asked to provide a range of personal information which may include for example, name, email address, postal address, phone number, gender, age group and / or other appropriate details to help us process the inquiry, purchase and / or application. When visitors are making a payment in relation to a booking deposit, course payment or a purchase, Coláiste na

Coláiste na Rinne sonraí airgeadais ar chás ar bith. Treoraítear an t-íocaí chuig ardán íocaíochta slán atá ar taispeáint go soiléir don íocaí.

Rinne does not obtain, process or store financial details, rather the payee is directed to a secure payment platform which is clearly displayed to the payee.

**FIANÁIN**

Baintear úsáid as fianáin ar ár suíomh greasáin a chuireann ar chumas córais an tsuímh brabhsálaithe cuairteoirí a aithint agus faisnéis áirithe a ghabháil agus a mheabhrú maidir leis an mbealach a ndearnadh idirghníomhú leis an suíomh. Cuidíonn fianáin linn freisin tuiscint a fháil ar roghanna cuairteoirí bunaithe ar ghníomhaíocht láithreáin roimhe seo nó faoi láthair, rud a chuireann ar ár gcumas seirbhísí feabhsaithe a sholáthar duit. Úsáidtear fianáin freisin chun cabhrú linn sonraí comhiomlána a thiomsú faoi thrácht an tsuímh agus idirghníomhaíocht an tsuímh ionas gur féidir linn eispéiris agus uirlisí suímh níos fearr a thairiscint amach anseo.

**COOKIES**

We use cookies on our site which enables the site’s systems to recognize visitors’ browsers and capture and remember certain information regarding the way the site has been interacted with. Cookies also help us to understand visitors’ preferences based on previous or current site activity, which enables us to provide you with improved services. We also use cookies to help us compile aggregate data about site traffic and site interaction so that we can offer better site experiences and tools in the future.

**AS-LÍNE**

Bailítear agus próiseálaimid raon faisnéise as líne ó dhaoine aonair, ó mhic léinn agus/nó óna dtuismitheoirí/gcaomhnóirí lena n-áirítear mar shampla, ainm, seoladh ríomhphoist, seoladh poist, uimhir ghutháin, inscne, aoisghrúpa agus/nó sonraí eile chun cabhrú linn an fiosrúchán agus / nó an t-iarratas a phróiseáil. Tá cuid den fhaisnéis a iarrtar riachtanach do sheachadadh na seirbhísí a chuirimid ar fáil nuair atá cuid acu roghnach agus curtha in iúl amhlaidh.

**OFFLINE**

We collect and process a range of information off-line from individuals, students and / or their parents / guardians which may include for example, name, email address, postal address, phone number, gender, age group and / or other details to help us process the inquiry and / or application. Some of the information requested is essential to the delivery of the services we offer where some is optional and indicated as so.

Cuirtear deis ar fáil do dhaoine aonair a bheith ar ár liosta seoltaí trí tic a chur sna boscaí cuí ar fhoirmeacha a úsáidtear as líne. Iarrtar freisin ar dhaoine aonair ceistneoirí / foirmeacha meastóireachta a chomhlánú nuair a bhíonn cúrsa / clár i gColáiste na Rinne críochnaithe acu. Tá sé roghnach sonraí pearsanta a chur ar na foirmeacha seo.

We provide individuals with the opportunity to join our mailing list by ticking appropriate boxes on forms used off-line. We also invite individuals to complete questionnaires / evaluation forms when they complete a course / programme at Colaiste na Rinne and the inclusion of personal data on these forms is optional.

## 3 Conas a úsáidtear an t-eolas a bhailítear?

Baintear úsáid as an eolas pearsanta a bhailítear trí fhoirmeacha digiteacha agus fisiceacha, chun na críche sainiúla atá luaite ar an bhfoirm aonair. Go hiondúil, próiseálaimid an t-eolas a chuirtear ar fáil ar fhoirmeacha chun cúrsaí / cláir Ghaeilge agus imeachtaí gaolmhara a riar agus a sheachadadh ar an mbealach is sábháilte, is folláine agus is taitneamhaí, d'fhoghlaimeoirí cónaitheacha agus neamhchónaitheacha araon.

I gcásanna eile úsáidtear an t-eolas a bhailítear ar raon foirmeacha fiosrúcháin chun freagra a thabhairt ar fhiosrúcháin ar an mbealach is cuimsithí agus is sásúla.

Sa chás go bhfuil faisnéis nach bhfuil fíor-riachtanach chun cúrsa/imeacht shonrach a sheachadadh nó chun fiosrúchán sonrach a phróiseáil, cuirtear daoine aonair ar an eolas faoin gcuspóir atá leis an bhfaisnéis neamhriachtanach seo a iarraidh agus tugtar rogha dóibh an fhaisnéis a sholáthar nó gan a sholáthar de réir a rogha féin. Mar shampla, cuirtear

## 3 How do we use the information gathered?

We use the personal information gathered via forms, digital and physical, for the specific purpose stated on the individual form. Typically, we process the information provided on forms in order to administer and deliver Irish language courses / programmes and associated events in the safest, healthiest and most enjoyable manner possible, for both residential and non-residential language learners.

In other cases we use the information gathered on a range of inquiry forms to respond to inquiries in the most comprehensive and satisfactory manner possible.

Where information which is not essential to the delivery of a specific course / event or to the processing of a specific inquiry, individuals are informed of the purpose of requesting this non-essential information and are given the option to provide the information or not according to their own preference. For example, an 'opt-in' question is included on selected forms, providing

ceist 'Rogha an Diúltaithe' ar fhoirmeacha roghnaithe a thugann deis do chuairteoirí a bheith ar liosta seoltaí margaíochta Choláiste na Rinne. In éagmais cead sainráite a bheith tugtha, ní stórálfar nó ní phróiseálfar faisnéis daoine aonair ag Coláiste na Rinne, ach amháin chun an fiosrúchán sonrach agus / nó an t-iarratas ar leith a chomhlánú nó chun an tseirbhís a sheachadadh don duine / grúpa atá i gceist.

## 4 Conas a dhéantear faisnéis phearsanta ar ár n-ardáin digiteacha a chosaint agus a stóráil i gcomhaid fhisiceacha?

Tá faisnéis phearsanta a sholáthraítear agus a stóráiltear go digiteach taobh thiar de líonraí daingnithe agus níl rochtain uirthi ach ag líon teoranta daoine a bhfuil cearta rochtana speisialta acu ar chórais den sórt sin, agus a gceanglaítear orthu an fhaisnéis a choinneáil faoi rún. Tá ríomhairí cosanta ag pasfhocal agus athraítear pasfhocal go rialta. Tá modh 'codlata' i bhfeidhm ag ríomhairí freisin chun ciseal breise cosanta a chur leis.

Próiseáiltear idirbhearta airgeadais a bhaineann le foirmeacha iarratais agus íocaíochta an chúrsa trí sholáthraí tairsí ag úsáid criptithe trí Chiseal Soicéad Slán (SSL) agus ní stóráiltíonn nó ní phróiseálann Coláiste na Rinne sonraí airgeadais ar

visitors with the opportunity to join Coláiste na Rinne's marketing mailing list. In the absence of express permission being granted, individuals' information will not be stored or processed by Coláiste na Rinne, other than in order to complete the specific inquiry and / or application or to deliver the service to the individual / group in question.

## 4 How is personal information on our digital platforms and stored in physical files protected?

Personal information provided and stored digitally is contained behind secured networks and is only accessible by a limited number of persons who have special access rights to such systems, and are required to keep the information confidential. Computers are password protected with password being changed regularly. Computers also have a 'sleep' mode in operation to add a further layer of protection.

Financial transactions associated with course application and payment forms are processed through a gateway provider using encryption via a Secure Socket Layer (SSL) and no financial data pertaining to online payments are stored or processed by

bith a bhaineann le híocaíochtaí ar líne trína líonra / freastalaithe.

Tá nósanna imeachta cuí comhdaithe, aistrithe, cartlannaithe agus scriosta i bhfeidhm lena chinntiú go láimhseálann na baill foirne cuí faisnéis phearsanta go cúramach, go híogair. Déantar nósanna imeachta a athbhreithniú ar bhonn rialta agus a nuashonrú de réir mar is gá.

Coláiste na Rinne via its network / servers.

Appropriate filing, transfer, archiving and deletion procedures are in place to ensure that personal information is handled with care, sensitivity and by the appropriate members of staff. Procedures are reviewed on a regular basis and updated as and when required.

# 5 Soláthróirí Seirbhíse Tríú Páirtí / Nochtadh

Ní dhíolann agus ní thrádáileann Coláiste na Rinne sonraí le páirtithe seachtracha. Úsáideann Coláiste na Rinne an córas CRM ‘onepagecrm’ chun sonraí pearsanta a fuarthas nó a chuirtear ar fáil di go dlisteanach a stóráil agus a phróiseáil. Cuireann Coláiste na Rinne sonraí pearsanta riachtanacha ar fáil do Roinn na Gaeltachta freisin maidir le mic léinn atá ag tabhairt faoi Chúrsaí Oifigiúla Gaeilge áirithe ar nós agus lena n-áirítear modúil éigeantacha oiliúna múinteoirí a sheachadann an Coláiste i bpáirt le coláistí tríú leibhéil.

Sa chás go ndéantar íocaíocht, aistrítear faisnéis inaitheanta phearsanta chuig soláthraí tairsí a úsáideann criptiú trí Chiseal Soicéad Slán (SSL). Níl rochtain nó taifead ag Coláiste na Rinne ar aon sonraí bainc a bhaineann leis na háiseanna íocaíochta ar líne ar shuíomh Coláiste na Rinne.

# 5 Third Party Service Providers / Disclosure

We do not sell or trade data to or with outside parties.  Coláiste na Rinne uses the CRM system ‘onepagecrm’ to store and process personal data sourced or provided to it legitimately. Coláiste na Rinne also provides necessary personal data to the Department of the Gaeltacht pertaining to students undertaking certain official Irish Language Courses such as and including compulsory teacher training modules which are delivered by the Coláiste on behalf of third level partners.

In the event of a payment being executed, personally identifiable information is transferred to a gateway provider which deploys encryption via a Secure Socket Layer (SSL). Coláiste na Rinne does not have access to or record of any banking details associated with the online payment facilities on its site.

## 6 Conas teagmháil a dhéanamh linn má tá aon cheist GDPR agat?

Seol ríomhphost chugainn le do thoil ag eolas@anrinn.com agus cuir GDPR i líne ábhair do ríomhphoist.

## 6 How do contact us about any GDPR query you may have?

Please email us at eolas@anrinn.com and place GDPR in the subject line of your email.